Nuachtlitir Mí Aibreáin/ April Newsletter 2024

Gaelscoil Donncha Rua

**Nuacht Scoile**

Tá tús gnóthach curtha leis an tríú téarma den scoilbhliain agus táimid ag céiliúradh Seachtain Gníomhaíóchtaí na Scoileanna.




D'imigh rang a1-6 go dtí an pháirc mhór chun a gcuid laps a rith ar maidin agus beidh Seomra Sonas & Seomra Spraoi amuigh ag siúl gach lá. Rachaidh na naíonáin go dtí an Páirc Spraoi freisin nuair a bhíonn sé tirim. Beidh na páistí ag snámh, ag imirt peil agus iomáint agus ag treanáil taréis scoil le Caimin freisin. Molaimid daoibh go léir iarracht bhreise a dhéanamh siúl nó rothaíocht ar scoil (más féidir) agus dul amach le haghaidh aer úr tar éis am scoile freisin (idir ceathanna!!)

Bhí céiliúradh an Chéad Chomaoineach agus Cóinéartú ag rang a 2 & a 6 ar an Satharn seo caite i séipéal Naomh Eoin agus Phóil. Míle buíochas do chór na scoile a bhí ag canadh agus ag seinm go hálainn ar an lá le cabhair ó Múinteoir Áine Cláir ar an gcláirín agus Lee Wall ar ghiotár.



**School News**

The third and final term of this school year has gotten off to a busy start and this week is no different with it being Active Schools week.

All classes from rang a1-6 have been over to the big park to run their laps in the morning and Seomra Sonas & Seomra Spraoi have been out for their walk every day. The infants will also get out to the playground/park during the day when it's dry. Swimming, hurling skills and after school training will all add to our activities during the week. We encourage you all to make an extra effort to walk and/or cycle to school, (if possible) and to get out for some fresh air after school time too (in between showers!!)

Rang a 2 & a 6 celebrated their First Holy Communion and Confirmation on Saturday the 27th of April in St.John and Paul's church. A big thank you to the school choir who sang and played beautifully on the day with the help of Múinteoir Áine Cláir on clarinet and Lee Wall on guitar.

The children who gave their time were treated to a pizza party today as a thank you for supporting the school choir on Saturday.

Míle buíochas!





Bhí cóisir píotsa ag na páistí a ghlac páirt sa cór chun buíochas a ghabháil leo.
Comhghairdeas leis na buachaillí agus na cailíní go léir agus míle buíochas do na Múinteoirí Máire, Tricia agus Áine as cabhrú le hullmhú na bpáistí. Go raibh maith agaibh!

**Spórt-snámh**

Tá dhá sheisiún snámha fágtha ag rg. a 4-6 ar an 2ú agus an 9ú Bealtaine ag 9 a chlog ar maidin. Cuirfear tús le rang 1-3 le bloc 6 seachtaine de cheachtanna ar an Déardaoin an 23ú Bealtaine, 30ú Bealtaine agus 6ú Meitheamh ag 1:30in. Beidh na ceachtanna snámha ar an 6ú, 13ú agus 20ú Meitheamh ag a 9:45.



**Peil & Iománaíocht**

Leanfaidh Caimin ar aghaidh ag traenáil na ranganna ar fad don chéad chúpla mí eile den scoil. Beidh treanáil tar éis scoile ar an gCéadaoin i gcomhair rg.4-6 ar an astro turf ó 2:30-3:15pm, agus Naíonáin agus 1-3 gach Déardaoin i rith am scoile.
Glacfaidh foireann na mbuachaillí (rg.4-6) páirt i Roinn Iomána 6A i gCluain Lára ar an 8ú Bealtaine, ag tosnú ag 10r.n.

D'éirigh le hiarratas na scoile ar an gclár Cónaitheachta Ealaíon san Oideachas i mbliana agus mar thoradh air sin bhíomar in ann bloc ceardlann drumaí a thosnú an tseachtain seo caite le Brian Fleming (www.brianfleming.ie). Thug Brian 30 drumaí ó

Congratulations to all the boys and girls and thank you to Múinteoirí Máire, Tricia and Áine for helping with preparing the children. Go raibh maith agaibh!

**Sport-swimming**

Swimming lessons resumed for 4th-6th class after the break. They have two sessions left on the 2nd and the 9th of May at 9am. 1st-3rd class will begin a 6-week block of lessons on Thursday the 23rd of May, 30th of May and 6th of June at 1:30pm. The 6th, 13th and 20th of June swim lessons will be at the earlier time of 9:45am.

**Football & Hurling**

Caimin will continue to train all classes for the next couple of months in school. Wednesday after-school for 4th-6th class on the astro turf from 2:30-3:15pm, and Infants and 1st-3rd every Thursday during school.
The boys' team (rg.4-6) will take part in the Hurling Division 6A in Clonlara on the 8th of May, starting at 10am.

**Drumming Workshops**

Our school's application to The Arts in Education Residency programme was successful this year and as a result we have been able to fund a block of drumming workshops which began last week with Brian Fleming (www.brianfleming.ie). Brian brought 30 drums from different parts of the world with him to GDR. Over the next few weeks, the children will learn all about the different drums, learn some traditional rhythms and hopefully put on a short performance for parents on the final week of the workshops.



áiteanna éagsúla ar fud an domhain leis an Aoine seo caite. Beidh na páistí ag foghlaim faoi na drumaí éagsúla, ag foghlaim roinnt rithimí traidisiúnta agus ag súil le léiriú gairid do thuismitheoirí ag deiridh na gceardlann.



**Dátaí tábhachtacha le teacht:**

**Déardaoin an 2ú Bealtaine**: Rg.1-3 turas chuig The Planet (buaite ag Juliana rg .a 3).

**Déardaoin 2ú, 9ú & 16ú Bealtaine**: Clár Rang a 6 ag ullmhú le bogadh ar aghaidh go an mheánscoile le Shelly.

**Dé hAoine 10ú, 17ú & 20ú Bealtaine:** Ceardlann Drumadóireachta (Rg.a 1-6)

**Dé Luain an 20ú Bealtaine** - Naíonáin bheaga nua ag teacht isteach sa scoil **9:30-10:30rn**, Cruinniú ionduchtaithe na dtuismitheoirí ag **2pm**.

**Dé Céadaoin an 12ú Meitheamh:** Turas scoile Seomra Spraoi.

**Déardaoin an 13ú Meitheamh**: Rg.4-6 Turas scoile.

**Dé Céadaoin an 19ú Meitheamh:** Rg.1-3 agus Seomra Sonas -Turas scoile.

(Beidh dátaí turais scoile deimhnithe ag gach rang eile an tseachtain seo chugainn)

**Déardaoin 20ú Meitheamh** – Bronnadh Céime Rang a 6 ag a 1 a chlog.

**Dé hAoine 21ú Meitheamh** - Lá Spóirt do gach rang (ag braith ar an aimsir).

**Upcoming important Dates:**




**Thursday the 2nd of May:** Rg. a 1-3 trip to The Planet (won by Juliana rg. a 3).

**Thursday 2nd,9th& 16th of May**: 6th class transition to secondary programme with Shelly (to be held in St.Senan's N.S).

**Friday 10th, 17th & 20th of May**: Drumming Workshop (Rg.a 1-6)

**Monday the 20th of May**-New junior infants coming into school **9:30-10:30am**, Parents induction meeting at **2pm.**

**Wednesday the 12th of June:** Seomra Spraoi school trip.

**Thursday the 13th of June**: Rg.4-6 School tour.

**Wednesday the 19th of June**: Rg.1-3 and Seomra Sonas -School tour.

(All other classes will have dates confirmed for school trips over the next few days)

**Thursday 20th of June**- 6th class Graduation, 1pm.



**Friday 21st of June-** Sports Day for all classes (weather permitting).



**Nuacht Bord Bainistíochta**

Tá áthas orainn an scéal a roinnt go bhfuil comhlacht tógála ceadaithe faoi dheireadh

**Board of Managment News**

We are delighted to share the news that a building company has finally been

| | |
|---|---|
| chun tús a chur lenár bhfoirgneamh buan a thógáil. Tá an conradh bronnta ar Coolsivne Construction agus is é an costas deiridh ná €6.3 milliún. Mar is eol daoibh go léir cuireadh moill roinnt uaireanta ar an tionscadal seo mar gheall ar riachtanais deartha agus pleanála le blianta beaga anuas agus tá an-chuid ama agus oibre caite ar an tionscadal seo go dtí seo. Tá súil againn nach mbeidh a thuilleadh moille ann agus go mbeidh na tógálaithe ar an láthair roimh shos an tsamhraidh. | approved to commence building our new permanent school building. Coolsivne Construction have been awarded the contract and the final cost is €6.3 million. As you all know this project has been delayed several times due to design and planning requirements over the past few years and there has been a huge amount of time and work spent on this project to date to get it to this stage. We really hope that there will be no more delays and that the builders will be on site before the summer break. |
| **Nuacht Coiste na dTuismitheoirí**<br>Tháinig an coiste le chéile ar an gCéadaoin an 24ú Aibreán chun rudaí a phlé don téarma deiridh ar scoil.<br><br>**Seo a leanas na dátaí:**<br><br>**Dé hAoine 10ú Bealtaine** - Díolachán Cácaí (rang 1-3 le hóstach).<br><br>**Dé hAoine 7ú Meitheamh** - Cártaí urraíochta le seoladh abhaile le haghaidh Siúlóid agus Picnic Urraithe Samhraidh.<br><br>**Dé hAoine 14ú Meitheamh** - Bailiúchán Cash for Clobber.<br><br>Tá Cumann na dTuismitheoirí ag obair i gcomhar le GDR ar The Agree to Agree Project. Táimid ag súil go mbeidh an cháipéis deiridh réidh le roinnt le tuismitheoirí roimh dheireadh mhí na Bealtaine. Míle buíochas le Leona Drennan agus Sandra Hourigan as cabhrú leis an tionscadal seo. | **Parents' Association News**<br>The committee met on Wednesday the 24th of April to discuss fundraisers for the final term of school.<br>**Dates are as follows:**<br>**Friday May 10th**- Cake Sale (1st-3rd class to host).<br>**Friday June 7th**- Sponsorship cards to be sent home for Sponsored Summer Walk & Picnic.<br>**Friday June 14th**- Cash For Clobber Collection.<br>The Parents' Association are working in collaboration with GDR on *The Agree to Agree Project*. We are hoping to have the final document ready to share with parents before the end of May. Thank you to Leona Drennan and Sandra Hourigan for helping with this project. |
| **Soláthar Iúil & Campaí Samhraidh SCP**<br>Ba cheart go mbeadh na foirmeacha do Sholáthar Iúil ar fáil sna cúpla seachtain atá romhainn. Déanfaimid ár ndícheall múinteoirí a eagrú do gach páiste atá ina theideal ach má tá múinteoir agat a d'oibrigh le do pháiste sna blianta roimhe seo b'fhéidir gur smaoineamh maith teagmháil a dhéanamh leo anois féachaint an bhfuil siad ar fáil do mhí Iúil.<br><br>Tá na dátaí seo a leanas tugtha ag Cora agus Shelly go mbeidh Campaí Samhraidh á | **July Provision & SCP Summer Camps**<br>The forms for July Provision should be available in the next couple of weeks. We will do our best to organise tutors for every child that is entitled to it however if you have a tutor that has worked with your child in previous years it may be a good idea to contact them now to see if they are available for July.<br><br>Cora and Shelly have given the following dates that they will run Summer Camps |

| | |
|---|---|
| reáchtáil acu do na páistí a bhaineann leas as an tseirbhís SCP faoi láthair. Seo a leanas iad<br><br>Grúpa níos óige: **2ú, 3ú, 4ú Iúil**<br><br>Grúpa níos sine: **9ú, 10ú & 11ú Iúil**<br>(Tuilleadh sonraí agus foirmeacha toilithe le leanúint). | for the children that currently avail of the SCP service. They are as follows<br>Younger group: **2nd, 3rd, 4th of July**<br>Older group: **9th, 10th & 11th of July**<br>(More details with consent forms to follow). |
| **Scoil dúnta**<br>Beidh an scoil dúnta **Dé hAoine seo an 3ú agus Dé Luain an 6ú Bealtaine** don deireadh seachtaine Saoire Bainc.<br><br>Dúnfaimid freisin do dheireadh seachtaine saoire bainc mhí an Mheithimh ar an **Aoine an 31ú Bealtaine agus Dé Luain an 3ú Meitheamh**. | **School closures this month**<br>The school will be closed this **Friday the 3rd and Monday the 6th of May** for the Bank Holiday weekend.<br><br>We will also close for the June bank holiday weekend on **Friday the 31st of May and Monday the 3rd of June**. |

## Gaeilgeoir na Seachtaine, Gradam Cineáltais agus Dálta is Fearr

**(Mí Aibreáin/ April)**












## Cleite i mo Hata/Feather in My Cap



Gleachaíocht/Gymnastics



Jiu-Jitsu



Cic-dornáilíochta/Kick-boxing

**Maith sibh go léir!/ Well done to you all!**

## Parents Notice Board/ clár Eolas Tuismitheoirí










Just go to www.gaeloideachais You tube channel to watch back.